# Club na bPáistí











Bhí Jack agus James ar laethanta saoire sa Phortaingéil. Bhí siad ag fanacht in óstán cois farraige. Bhí club na bpáistí ann gach lá.

Rinne siad drámaíocht, ealaín agus cluichí leadóige ann gach maidin. Gach tráthnóna chuaigh siad go dtí an linn snámha. Rith siad rásaí, nó d'imir siad cluichí póló uisce nó eitpheil.

Bhuaigh foireann Jack an comórtas eitpheile agus fuair sé bonn óir. Bhuaigh foireann James na rásaí sealaíochta agus fuair sé bonn óir freisin. Bhí na laethanta saoire thar barr!

## CEISTEANNA

1. **Cá raibh Jack agus James?** *(Where were Jack and James?)*
2. **Céard a rinne siad gach maidin?** *(What did they do every morning?)*
3. **Cá ndeachaigh siad gach tráthnóna?** *(Where did they go every afternoon?)*
4. **Céard a bhuaigh foireann Jack?** *(What did Jack's team win?)*
5. **Céard a bhuaigh foireann James?** *(What did James's team win?)*

## FOCLÓIR

**sa Phortaingéil** *in Portugal*
**club na bpáistí** *children's club*
**drámaíocht** *drama*
**póló uisce** *water polo*
**eitpheil** *volleyball*
**foireann** *team*
**rásaí sealaíochta** *relay races*
**thar barr** *excellent*